

ALT 8 ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA 2005

Treoir Ghinearálta Uimh. 3

De bhun na gcumhachtaí a bhronntar uirthi ag alt 8 (4) Acht an Gharda Síochána 2005, leis seo, tugann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an treoir ghinearálta a leanas maidir le hionchúisimh a thionscnamh agus a sheoladh ag comhaltaí an Gharda Síochána, a dtiocfaidh an treoir sin i bhfeidhm an 8 Samhain 2011: -

1. Faoi réir théarmaí na treorach seo nó treorach ar bith ina dhiaidh seo féadfaidh comhalta den Gharda Síochána ionchúiseamh ar bith maidir le cion coiriúil a thionscnamh agus a sheoladh sa Chúirt Dúiche, cibé acu is cion achomair nó cion indíotáilte é. Is in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a dhéanfar a leithéid d'ionchúiseamh.
2. Is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a ghlacfaidh an cinneadh maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart ionchúiseamh a thionscnamh sna catagóirí a leanas de chásanna: -
 - (a) Cion atá ina thoradh ar mharú neamhdhleathach (agus cás ar bith a bhaineann le dúnmharú, le dúnorgain, le timpiste marfach ar bhóthar nó le timpiste marfach eile san áireamh). Nuair atá an t-íospartach marbh níor cheart aon chúiseamh eile a dhéanamh atá ina thoradh ar an teagmhas céanna gan treoracha roimh ré. Mar an gcéanna, nuair atá an t-íospartach gortaithe go tromchúiseach agus i mbaol bás a fháil níor cheart cúiseamh a dhéanamh gan treoracha roimh ré.
 - (b) Cion atá ina chúis le díobháil thromchúiseach in aghaidh alt 4 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

Cion a bhaineann le bagairt chun duine a mharú nó chun díobháil thromchúiseach a dhéanamh, in aghaidh alt 5 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
 - (c) Cion faoi alt 51A, faoi alt 52 nó faoi alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, a bhí ina chúis le gortú tromchúiseach a dhéanamh ar úsáideoir eile an bhóthair.
 - (d) Cion de chineál gnéasach.


- (e) Cion a bhaineann le hionsaí a dhéanamh ar chomhalta an Gharda Síochána, mura bhfuil an cúiseamh údaraithe ag comhalta an Gharda Síochána de chéim Cigire nó de chéim níos airde.
- (f) Cásanna a bhaineann le líomhaintí i gcoinne chomhaltaí an Gharda Síochána seachas cásanna beaga um thrácht ar bhóithre. Ba cheart treoracha a lorg ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás ar bith atá ina chúis le saincheist thromchúiseach maidir le cé acu an raibh nó nach raibh tiomáint ag Garda comhionann le tiomáint chontúirteach nó tiomáint mhíchúramach.
- (g) Ciapadh in aghaidh alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
- (h) Cur i mbaol in aghaidh alt 13 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
- (hh) Briseadh síochána in aghaidh an dlí choitinn.
- (i) Príosúnú neamhdhleathach.
- (j) Cion sceimhlitheoireachta agus cion ar bith a bhaineann le sceimhlitheoireacht lena n-áirítear cion ar bith faoi na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998.
- (k) Cás ar bith ina bhfuil sé molta triail a iarraidh sa Chúirt Choiriúil Speisialta.
- (l) Cion a bhaineann le harm tine nó armlón a bheith i seilbh ag duine seachas iad a bheith i seilbh aige nó aici gan deimhniú.
- (m) Cion faoin Acht um Shubstaintí Pléascacha, 1883.
- (n) Aon líomhain maidir le hionsaí atá ina thoradh ar theagmhas spóirt.
- (o) Cion faoin Acht um Rúin Oifigiúla, 1963.
- (p) Breabaireacht agus éilliú.
- (q) Cion arna dhéanamh ag oifigeach tofa nó ag oifigeach poiblí arna líomhnú a bheith déanta agus feidhmeanna oifigiúla á gcur i bhfeidhm aige nó aici.
- (r) Cinedhíothú, coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, píoráideacht agus fuadach.

- (s) Cásanna ina ndéantar foráil ag reacht nach féidir imeachtaí a thosú gan toiliú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.
3. (1) Toilíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le cur de lámh go hachomair sa chatagóir a leanas de chásanna gan comhad an Gharda Síochána a chur isteach:
- (a) Cion faoi alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 (Acht 2001) (gadaíocht) nuair nach bhfuil an mhaoín ar a nglacadh seilbh níos mó ná €7,000 ina luach.
 - (b) Cion faoi alt 8 d'Acht 2001 (ag imeacht gan íocaíocht) nuair nach bhfuil an mhaoín a fuarthas níos mó ná €7,000 ina luach.
 - (c) Cion faoi alt 12 d'Acht 2001 (buirgléireacht) nuair nach bhfuil aon mhaoín a tógadh níos mó ná €7,000 ina luach.
 - (d) Cion faoi alt 15 d'Acht 2001 (earraí áirithe a bheith i seilbh ag duine).
 - (e) Cion faoi alt 17 d'Acht 2001 (maoin ghoidte a láimhsiú) nuair nach bhfuil an mhaoín níos mó ná €7,000 ina luach.
 - (f) Cion faoi alt 18 d'Acht 2001 (maoin ghoidte a bheith i seilbh ag duine) nuair nach bhfuil an mhaoín níos mó ná €7,000 ina luach.
 - (g) Cion ar bith faoi Chuid 4 d'Acht 2001 (cionta brionnaithe) nuair nach bhfuil an mhaoín níos mó ná €7,000 ina luach.
 - (h) Iarrachtaí cionta a dhéanamh ag (a), (b), (c), (d), (e), (f) nó (g) thuas.
- (2) Ba cheart treoir maidir le cé acu an féidir nó nach féidir cás a chur de lámh go hachomair a iarraidh mar is iondúil maidir leis na cionta eile faoi Acht 2001.
- (3) Ba cheart don Gharda atá i gceannas ar an gcás smaoineamh ar chomhad a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás ar bith nuair is é an cás, cé go bhfuil an cion nó na cionta gafa ag an toiliú ginearálta thuas, go dtugtar le tuiscint le héagsúlacht na gcúiseanna nó le taifead roimhe sin an chúisí nó le himthosca géaraitheacha eile nach mbeadh cur de lámh go hachomair iomchuí nó go mbeadh pianbhreith 12 mhí (nó i gcás nuair atá níos mó ná cion amháin ann pianbhreith 24 mhí) leordhóthanach.

4. (1) Roghnaíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cur de lámh go hachomair sa chatagóir a leanas de chásanna gan comhad an Gharda Síochána a chur isteach:
- (a) Cion ar bith faoi alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
 - (b) Cion faoi alt 112 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú.
 - (c) Cion ar bith faoi alt 3 den Acht Corr-Thrádála, 1995.
 - (d) Cion faoi alt 15 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977, nuair is í tuairim an Gharda Síochána nach bhfuil luach margaidh na ndrugaí níos mó ná na suimeanna a leanas
 - (i) i gcás cannabais nó roisin cannabais suim de €1,500
 - (ii) i gcás démhoirfín, LSD (dé-eitiolaimíd aigéid líseirgigh) nó cócaoin suim de €500 agus
 - (iii) maidir le druga rialaithe ar bith eile suim de €1,000.
 - (e) Cion ar bith faoi alt 3 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977, (maidir le gach druga rialaithe).
 - (ee) Cion faoi alt 15C den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 (de réir mar a cuireadh isteach ag alt 83 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006) [drugaí rialaithe a sholáthar i bpríosúin etc], ar an gcoinníoll nach bhfuil an cúisí fostaithe ag an Stát, nuair is í tuairim an Gharda Síochána nach bhfuil luach margaidh an druga níos mó ná na suimeanna a leanas
 - (i) i gcás cannabais nó roisin cannabais suim de €1,500
 - (ii) i gcás démhoirfín, LSD (dé-eitiolaimíd aigéid líseirgigh) nó cócaoin suim de €500 agus
 - (iii) maidir le druga rialaithe ar bith eile suim de €1,000.
 - (f) Cion ar bith faoin Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991 nuair nach bhfuil an mhaoin níos mó ná €7,000 ina luach.

- (g) Cion faoi alt 9(1) Acht na nArm Tine agus na nArm lonsaitheach 1990, arna leasú ag alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilchineálacha) 2009.
 - (h) Cion faoi alt 36 Acht na bPríosún 2007 [seilbh nó úsáid neamhúdaraíthe fóin mhóibíligh etc i bpríosún], ar an gcoinníoll nach bhfuil an cúisí fostaithe ag an Stát.
 - (i) Sárú alt 12 den Acht um Chiontóirí Gnéis 2001, arna leasú ag alt 13(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008.
- (2) Ba cheart don Gharda atá i gceannas ar an gcás smaoineamh ar an gcomhad a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás ar bith nuair is é an cás, cé go bhfuil an cion nó na cionta gafa ag an roghnú thuas, go dtugtar le tuiscint le héagsúlacht na gcionta nó le taifead roimhe sin an chúisí nó le himthosca géaraitheacha eile nach mbeadh cur de lámh go hachomair iomchuí nó go mbeadh pianbhreith 12 mhí (nó i gcás nuair atá níos mó ná cion amháin ann pianbhreith 24 mhí) leordhóthanach.
5. Ní mór don Gharda Síochána toiliú a iarraidh ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun cúisí a chur os comhair cúirte nó a chur ar aghaidh le haghaidh pianbhreithe ar phléadáil shínithe.
6. Spreagtar an Garda Síochána chun teoracha a iarraidh i gcás ar bith, fiú cás de chineál achomair, nuair atá ceist neamhghnách dlí i gceist, nuair nach bhfuil fasach measartha úrnua ann in Éirinn i gceist leis nó nuair atá spéis neamhghnách an phobail spreagtha ag an ábhar, nó más dóigh go spreagfar.
7. (1) Ní mheasfar aon treoir atá ann cheana ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána maidir le hionchúiseamh cionta a thionscnamh nó a sheoladh mar threoir ghinearálta chun críocha alt 8, mura bhfuil sí corpraithe sa treoir ghinearálta seo nó in aon treoir ghinearálta ina dhiaidh seo.
- (2) Is féidir aon chiorclán nó treoir atá ann cheana a mheas mar threoir, áfach, maidir le hionchúiseamh cionta a imscrúdú, mura ndearnadh na téarmaí ina leith a leasú nó a chealú ag an treoir ghinearálta seo nó ag treoir ghinearálta eile ina dhiaidh seo. Mar an gcéanna, mura bhfuil sí corpraithe sa treoir ghinearálta seo nó in aon treoir ghinearálta ina dhiaidh seo ní mheasfar na Treoirínte d'Ionchúisitheoirí mar threoir ghinearálta chun críocha alt 8.

8. Sa treoir ghinearálta seo áirítear le tagairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nuair a admhaítear a leithéid sa chomhthéacs tagairt d'oifigeach gairmiúil an Stiúrthóra arna threorú de bhun alt 4 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, chun feidhm an Stiúrthóra a chur chun feidhme.
9. Ní bheidh feidhm ag Treoir Ghinearálta Uimh. 2 (an 3 Nollaig 2009) ón 7 Samhain 2011.



Catherine Pierse
Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

8 Samhain 2021

Nóta míniúcháin:

Rinneadh na hathruithe a leanas ar an treoir seo:-

Cuireadh na nithe a leanas léi: míreanna 2(bb), 2(hh), na focail “nó úsáid” i mír 2(l), na focail “d’Acht 2001” i mír 3(1)(f), míreanna 4(1)(ee), 4(1)(g), 4(1)(h), agus 4(1)(i).

I mír 2(q) cuireadh “agus feidhmeanna oifigiúla á gcur i bhfeidhm aige nó aici” in ionad “i gcáil oifigiúil”.

Scríosadh na focail “ar an gcoinníoll nuair a chuathas isteach i bhfoirgneamh a bhí ina theach cónaithe nach raibh áititheoir san áitreabh ag am na buirgléireachta” ó mhír 3(1)(c).

Scríosadh na focail “agus buirgléireacht ar theach cónaithe a bhí áitithe” ó mhír 3(2).